

☘ An Lúibín ☘

3 Bealtaine 2014

Nuachainteoírí

Is fiú éisteacht le hagallamh a cuireadh ar an Dr John Walsh ar *Cormac ag a Cúig* ar Raidió na Gaeltachta ('Nuachainteoírí na Gaeilge': http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_cormacagacuig.xml).

Leachtóir sa tSochtheangeolaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, is ea Walsh agus cuireann sé síos ar thorthaí a thaighde faoi nuachainteoírí na Gaeilge – cainteoirí líofa nach cainteoirí traidisiúnta dúchais iad. Baineann an obair le tionscadal mór a bhfuil seacht n-ollscoil déag páirteach ann agus taighde á dhéanamh ar a lán teangacha neamhfhorleathana ar nós na Catalóinise. Bhí Walsh ar thóir cainteoirí a bhí ag úsáid na teanga go rialta agus go líofa lasmuigh den Ghaeltacht, ós beag eolas atá le fáil ar an ngrúpa seo.

Tá éagsúlacht ag baint leis na nuachainteoírí atá i gceist ach tá chomhthréithe áirithe acu. Fuair a lán acu spreagadh ar leith ó mhúinteoir an-díograiseach (cé gur minic múinteoirí á lochtú as drochstaid na teanga sna scoileanna). Bhí gaolta ag cuid acu a tógadh sa Ghaeltacht nó a raibh Gaeilge ar a dtoil acu. Chuir cuid eile fós suim sa teanga dá dtoil féin agus iad ar a ndícheall á saothrú ó shin.

Bíonn go leor nuachainteoírí ag úsáid na Gaeilge go rialta ina lán áiteanna. Is annamh deis ag a lán acu, áfach, labhairt le Gaeilgeoírí eile, fiú i mBaile Átha Cliath, príomhchathair na Gaeilge, agus baineann siad tairbhe as saibhreas na litríochta chun a gcion den teanga a threisiú. Mar a deir Walsh, cruthaíonn siad domhan beag Gaelach dóibh féin. Tá tábhacht le gréasán cainteoirí, go háirithe amuigh faoin tuath.

Tá meas ag na nuachainteoírí orthu féin mar ghrúpa ar leith idir na foghlaimeoirí ar thaobh amháin agus cainteoirí traidisiúnta na Gaeilge ar an taobh eile. Tá an-tábhacht leis an gcaidreamh atá acu leis an nGaeltacht. Uaireanta tá teannas ann de bharr difríochtaí cumarsáide agus cultúir; is ait an rud é go dtagann díomá ar chuid acu nuair a thugann siad cuairt ar an nGaeltacht agus tugtar freagra i mBéarla ar cheist i nGaeilge. Tá cuid eile acu fite fuaite i saol na Gaeltachta.

Deir Walsh go bhfuil trí fhoghrúpa ann. Cleachtann cuid de na nuachainteoírí tuin an-traidisiúnta. Is mó an tsuim atá ag roinnt eile i gcruinneas agus gan aon bhlas réigiúnach ar a gcuid cainte. Is cuma le dream eile fós ach Gaeilge a úsáid, beag beann ar aon rud eile. Ach aithnítear daoine áirithe i ngach grúpa mar chainteoirí an-mhaithe.

Tá baint ag an méid seo le halt a scríobh Úna Mullally don Irish Times le déanaí.¹ Déanann sí tagairt dá dheacra atá sé faobhar a choinneáil ar do chuid Gaeilge i mBaile Átha Cliath: bhí uirthise é a dhéanamh ina haonar tar éis di an scoil a fhágáil. Chuaigh sí ar scoil i gColáiste Íosagáin, áit a labhraítí Gaeilge ó dhubh go dubh: 'It became an every-day language, a language you dreamt in'. (Bhíodh sí scanraithe sa Spidéal nuair a chloisfeadh sí na daltaí ag labhairt Béarla.)

Dá ndéanfaí taighde ar nuachainteoírí Gaeilge i dtíortha eile bheadh difríochtaí éigin ann. San Astráil tá an dá ghrúpa ann, tríd is tríd: Astrálaigh ar tháinig suim acu sa teanga toisc de shliocht Éireannach iad agus Éireannaigh ar tháinig suim nua acu sa teanga tar éis dóibh an Astráil a bhaint amach. Tá an Ghaeltacht i bhfad i

¹ 'Irish: A language for all speakers': Una Mullally 24/3/2014.

<http://www.irishtimes.com/news/social-affairs/irish-a-language-for-all-speakers-1.1727454>

gcéin. Tá saghas gréasáin ann ach bheadh barúil agat nach furasta don chuid is mó de na Gaeilgeoirí seo dul chun cainte lena leithéidí eile. Bíonn siad ag caint leo féin, is dócha, nó iad ar a ndícheall ag léamh.



Old Irish Sydney

Tá **Old Irish Sydney** le fáil mar aip ón Dictionary of Sydney. Turas siúil féintreorach atá inti. Tá léarscáil GPS ag baint léi a bhfuil miniú aici, clostrácht agus pictiúir. Maith an smaoineamh, a deirimid, agus is trua nach bhfuil a leithéid le fáil in Melbourne.

Smaoineamh eile: turas a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí a thaispeánfadh na háiteanna agus na heachtraí a bhaineann leis an teanga anseo.

<http://trust.dictionaryofsydney.org/dictionary-of-sydney-walking-tours/old-irish-syd-walk>



Foclóir na sean

Tá Foclóir Leictreonach na Meán- agus na Sean-Ghaeilge (eDIL) le tabhairt suas chun dáta ag an Ollamh Gregory Toner ó Ollscoil na Bainríona i mBéal Feirste. Fuair sé £787,000 ón Arts and Humanities Research Council (a bhíonn ag obair i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn) chun go bhféadfadh sé an cúig bliana atá romhainn a chaitheamh ag cíoradh seanscéalta, téacsanna dlí agus leighis, agus dánta ar thóir focal. Beidh sé ag dul i gcomhar leis an Dochtúir Máire Ní Mhaonaigh sa Roinn Sean-Bhéarla, Lochlainnise agus Ceiltise in Ollscoil Cambridge. Beidh taighdeoirí eile ar fostú ag an dá ollscoil.

Cuireadh an Foclóir amach i dtrí fhascúl is fiche idir na blianta 1913 agus 1976, agus ba é an tOllamh Toner a d'fhoilsigh an chéad eagrán leictreonach. Rinneadh é sa bhliain 2007 agus tá éileamh air riamh ó shin ar fud an domhain. Táthar ag súil nach fada go mbeidh aip fóin le fáil. Is mó go mór an tsuim atá ag scoláirí sa Sean-Ghaeilge ná sa Nua-Ghaeilge, ach tá súil ag an Ollamh go mbainfidh scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge tairbhe as an bhFoclóir agus iad ag cur focal ársa ar sochar dóibh féin.

Féach

<http://edil.qub.ac.uk/dictionary/search.php>

<http://www.irishnews.com/news/old-words-make-comeback-as-irish-dictionary-updated-1346545> 2/4/2014



Nuachtán nua

Níl de nuachtán ag lucht léite Gaeilge faoi láthair ach Nuacht24 (<http://www.nuacht24.com>), seirbhís ar líne a thagann amach i gcló uair sa tseachtain. Bíonn corrsceál idirnáisiúnta ann ach ar chursaí na hÉireann is mó athugtar aird. D'imigh *Foinse*, *Gaelscéal* agus *Lá Nua*. Anois tá conradh faighte ó Fhoras na Gaeilge ag Tuairisc.ie chun nuachtán seachtainiúil a fhoilsiú. Ní bheidh sé ar fáil ach ar líne, cé gur léir go bhfuil éileamh fós ar leagan clóite. Is díol spéise, mar sin, alt ó lámh Breandán Delap, iriseoir seanchleachta Gaeilge, ar *Beo* (Aibreán 2014).²

Ar na fadhbanna atá le fuascailt, dar leis, tá 'easpa díolacháin, easpa léitheoirí, easpa fógraíochta, easpa scríbhneoirí'. Sa chás seo níl deacracht ag baint le cúrsaí díolacháin, mar ní nuachtán clóite atá i gceist. Tá foireann mhaith ann agus tiocfaidh na léitheoirí má bhíonn sáiriseoireacht ann. Tá Foras na Gaeilge ag tairiscint deontas €300,000 in aghaidh na bliana, ach beidh gá le hairgead breise ón bhfógraíocht.

² 'Constaici a Bheas le Sárú ag an Nuachtán Nua,' Breandán Delap: <http://www.beo.ie/alt-constaici-a-bheas-le-saru-ag-an-nuachtan-nua.aspx>

Deir Delap go gcaithfidh nuachtán dá leithéid a bheith stuama i dtaobh an mhéid is féidir a dhéanamh. Ní mór leas a bhaint as an mbeagán. Ní mór an scéala is déanaí a chur ar fáil ar líne. Ba chóir fáilte a chur roimh fhiseáin ach gan faillí a dhéanamh sa bhunchúram: an nuacht is tathagaí a sholáthar i bhfoirm scríofa. Agus caithfidh an fhoireann a bheith sásta fáiltiú roimh ré úr agus roimh áiseanna nár cumadh go fóill. Tá an ceart ag Delap nuair a deir sé go ndéanfar an nuachtán a mheas ar chaighdeán a chuid scéalta thar aon rud eile.

Is é an deacracht atá ann ó thaobh na staire de go bhfuil an oiread sin nuachtán Gaeilge, agus iad measartha maith ar a laghad, curtha de dhroim an domhain as éadan a chéile. Is cóir a fhiafraí an fiú ceann nua a chur ar bun agus an scéal mar sin. Glacaimis leis i dtús báire go bhfuil gá le nuachtán cuimsitheach Gaeilge agus gur cóir breis airde a thabhairt ar scéala iasachta (tá tuairisceoirí le Gaeilge le fáil i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus san Eoraip). Glacaimis leis nach féidir leis teacht slán gan deontas, cuma cá mhéad fógraí a thiocfaidh an bealach (agus beidh na fógraí céanna gann go leor in Éirinn mar atá sí faoi láthair). Ní mór don Fhoras buaine éigin a ghealladh don fhoireann ach iad a bheith go maith i mbun a chúraim. Fad saoil atá uainn.

Más é an Foras a thugann is é an Foras a dhiúltaíonn. Stad sé de mhaoiniú a thabhairt do chuid de na foilseacháin Ghaeilge is nótaílte – *Feasta* (ceann de phríomhírísí liteartha na Gaeilge), *An tUlltach* (iris seanbhunaithe eile) agus *NÓS* (iris ghreanta chultúir agus stílbeatha). Bhí an tseirbhís nuachta Gaelport.com thíos leis chomh maith, d’ainneoin an éilimh mhóir atá uirthi. Ba dhóigh leat gur beag machnamh a rinneadh sula ndearnadh an cinneadh agus gur beag aird a tugadh ar an líon mór Gaeilgeoirí a bhaineann feidhm as na foilseacháin seo thar lear.



Aimsir

Níl easpa aimsire ar Éirinn: cith agus gealán gach lá beagnach agus ábhar cainte i gcónaí dá bharr. Tá Moonswing, comhlacht Éireannach, ag baint brabúis as an scéal. Chum said Aimsir, aip nua do ghairis iOS a sholáthraíonn réamhfhaisnéisí i nGaeilge.

Baineann Aimsir feidhm as OpenWeatherMap chun réamhfhaisnéisí laethúla agus seachtainiúla a dhéanamh. Tá eolas ann ar neart agus ar threo na gaoithe, ar bhrú atmaisféarach agus ar bhogthaise. Tá idir théacs agus phictiúir ann agus tá gluais Bhéarla ann don té a bhfuil a chuid Gaeilge measartha lag.

Tá an aip ar fáil ar fud an domhain tríd an iTunes App Store sa chatagóir Weather. Teastaíonn iOS7 nó gaireas is nua fós ó Aimsir, agus tá sí le fáil mar a leanas:

<https://itunes.apple.com/ie/app/aimsir-irish-language-weather/id764362817?mt=8>



Lámhscríbhinní oideas ó Éirinn

“Wright by her own hande’: manuscript recipe books as sources for the study of culinary and social change in Restoration and Georgian Ireland’: b’ín teideal na cainte a thug an Dochtúir Madeline Shanahan ag seimineár i gColáiste Newman ag Ollscoil Melbourne ar 29 Aibreán 2014. Tháinig sí ar ochtó lámhscríbhinn i mbun taighde di agus baint ag a gceann is sine acu leis an mbliain 1650. Léiríonn siad dearcadh Sasanach agus impiriúil féin, agus níl aon lámhscríbhinní den saghas seo le fáil i nGaeilge.

Mná uaisle is mó a scríobhadh iad – mná a bhain leis an uascaicme Phrotastúnach agus leis na Gall-Ghaeil, agus Sasanaigh mná ina measc a phós isteach i muintreacha Gaelacha. Phósadh Brianaigh Inse Uí Choinn i gContae an Chláir mná uaisle ó Shasana chun iad féin a dhaingniú san ord nua sóisialta. Bhí súil ag na húdaráis Shasanacha go n-athrófaí béasa na nGael dá bharr, agus níor mheath a ndóchas orthu.

Tá éagsúlacht ag baint le hábhar na n-oideas: feoil (idir amh, shalannaithe agus dheataithe), milseoga, subh agus eile, biotáille agus lionn, cáis bhog (b’éigean cáis chrua a iomportáil). Is beag tagairt a dhéantar don arán – b’fhurasta é a dhéanamh, is dócha, agus b’fhurasta é a cheannach. Tá dlúthbhaint idir an bia agus cógas leighis

sna lámhscríbhinní seo. Tugtar comhairle ar conas dul i ngleic lena lán galracha agus aineamh – an mhaoile, mar shampla. Agus sin gan trácht ar liostaí earraí, ar chuntais tís agus ar eolas ar chosmaid.

Saghas dialainne nó dírbheathaisnéise is ea lámhscríbhinní den saghas seo. Tríothu seo a chuireadh na mná uaisle úd iad féin in iúl, cé go ndéanann siad corrtagairt don saothar mar ‘trifles’ – banúlacht chomhghnásach a bhfuil mórtas mná ceilte inti.

Shamhlaigh Madeline na lámhscríbhinní seo le pailmseistí, iad á seachadadh ó ghlúin go glúin agus an oiread sin ban ag fágáil rian a lámh orthu. Bhí siad fite fuaite i saol an teaghlaigh agus iad ina n-oidhreacht anuas thar na blianta – caoga bliain go minic. Bhronnadh cairde agus comharsana oidis ar a chéile. Ach is leis an uasaicme is mó a bhain siad, cé go bhfágfadh searbhóntaí agus cócairí a lorg orthu ó am go chéile.

Bhí caighdeánú ar siúl sna hoidis seo. Is beag blas áitiúil atá orthu, ach d’fhág an tImpireacht a rian orthu – caife, tae, caraí agus eile. Ba ghearr gur tháinig toil ag an gcosmhuintir don tae.

Le himeacht aimsire tháinig athrú ar an dearcadh sóisialta atá le fáil sna lámhscríbhinní. Mhéadaigh ar an meas a bhí ar bhia agus ar earraí iontu féin, agus faoin ré Sheoirseach bhí an bhean uasal ag cúlú ó obair na cistine. D’fhan sí i bhfeighil an tí ach bhí easpa míneadais ar aon bhean a bhíodh saite sa chócaireacht.

Tá Madeline le leabhar le foilsiú faoin ábhar seo agus is gearr go dtiocfaidh sé amach. B’fhiú é a léamh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Nuachainteoirí

Is gearr ó cuireadh agallamh ar an Dr John Walsh ar Raidió na Gaeltachta faoi nuachainteoirí na Gaeilge. Léachtóir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, is ea Walsh. Tá sé ag déanamh taighde ar chainteoirí líofa nach cainteoirí traidisiúnta dúchais iad.

Tá chomhthréithe áirithe ag na cainteoirí seo. Fuair a lán acu spreagadh ó mhúinteoir an-diograiseach. Bhí gaolta ag cuid acu a tógadh sa Ghaeltacht nó a raibh Gaeilge ar a dtoil acu. Chuir cuid eile fós suim sa teanga dá dtoil féin.

Ní minic atá deis ag na cainteoirí seo labhairt le Gaeilgeoirí eile. Baineann cuid acu tairbhe as saibhreas na litríochta chun a gcuid Gaeilge a shaothrú. Cruthaíonn siad domhan beag Gaelach dóibh féin.

Is dóigh leis na nuachainteoirí gur ghrúpa ar leith iad idir na foghlaimeoirí agus na cainteoirí traidisiúnta sa Ghaeltacht. Tá dúil ag mórán acu, áfach, i nGaeilge na Gaeltachta, cé go mbion díomá orthu nuair a chuireann siad ceist i nGaeilge agus a fhaigheann freagra as Béarla.

Tá trí fhoghrúpa³ ann. Tá tuin an-traidisiúnta ar dhream amháin. Is fearr le dream eile cruinneas gramadaí. Tá dream eile fós ann nach bhfuil uathu ach Gaeilge a labhairt, is cuma cén saghas Gaeilge. Aithnítear daoine áirithe i ngach grúpa mar chainteoirí an-mhaithe.

San Astráil tá dhá ghrúpa ann, tríd is tríd: Astrálaigh ar tháinig suim acu sa teanga toisc de shliocht Éireannach iad agus Éireannaigh ar tháinig suim nua acu sa teanga tar éis dóibh an Astráil a bhaint amach. Tá saghas gréasáin ann ach ní furasta don chuid is mó de na Gaeilgeoirí seo dul chun cainte lena leithéidí eile.

Lámhscríbhinní oideas ó Éirinn

“Wright by her own hande’: manuscript recipe books as sources for the study of culinary and social change in Restoration and Georgian Ireland’: ba é sin teideal na cainte a thug an Dochtúir Madeline Shanahan ag seimineár i gColáiste Newman ag Ollscoil Melbourne ar 29 Aibreán 2014. Dúirt sí nach bhfuil aon lámhscríbhinní den saghas seo le fáil i nGaeilge.

Mná uaisle is mó a scríobhadh iad. Bhain siad leis an uascaicme Phrotastúnach, agus ba Shasanaigh mórá acu.

Tá éagsúlacht ag baint le hábhar na n-oideas: feoil milseoga, subh agus eile, cáis bhog, biotáille agus lionn. Is beag tagairt a dhéantar don arán – b’fhurasta é a dhéanamh, is dócha, agus b’fhurasta é a cheannach. Tá cógas leighis ann, liostaí earraí, cuntais tís agus eolas ar chosmaid. Saghas dialainne nó dírbheathaisnéise is ea lámhscríbhinní den saghas seo. Triothu seo a chuireadh na mná uaisle úd iad féin in iúl. D’fhágadh máithreacha mar oighreacht ag a n-iníonacha iad.

Bhí siad fite fuaite i saol an teaghlaigh agus bhronnadh cairde agus comharsana oidis ar a chéile. Is beag blas áitiúil atá orthu, ach fágann an tImpireacht a rian orthu – caife, tae, caraí agus eile. Ba chomhartha uaisleachta úsáid an tae ar dtús agus deasghnátha dá chuid féin ag baint leis, ach ba ghearr gur tháinig toil ag an gcoitiantacht don deoch nua.

Le himeacht aimsire tháinig athrú ar an dearcadh sóisialta atá le fáil sna lámhscríbhinní. Faoin ré Sheirseach bhí an bhean uasal ag cúlú ó obair na cistine.

Tá Madeline le leabhar le foilsiú faoin ábhar seo agus is gearr go dtiocfaidh sé amach. B’fhiú é a léamh.

³ Forghrúpa – sub-group